C/2026/4380

10.8.2026

Fógra le haghaidh aire longúinéir an tsoithigh AVAX, a chuirtear leis an liosta de shoithí ainmnithe dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (h), agus in Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2016/44 ón gComhairle, lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe a dhírítear ar shoithí arna n-ainmniú ag Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe arna bhunú de bhun Rún 1970 (2011) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe i gcomhréir le mír 11 de Rún 2146 (2014) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, de bhua Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1941 ón gCoimisiún

(C/2026/4380)

1. Le Cinneadh (CBES) 2015/1333 ón gComhairle ([1]), iarrtar ar na Ballstáit ordú a thabhairt do shoithí, dá dtagraítear sa liosta a tarraingíodh suas in Iarscríbhinn V a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333, gan peitriliam, lena n-áirítear amhola agus táirgí peitriliam scagtha a onnmhairítear go haindleathach ón Libia, a luchtú, a iompar ná a urscaoileadh, iarrtar orthu cead isteach i gcalafoirt na mBallstát a dhiúltú do na soithí ainmnithe agus toirmisctear soláthar seirbhísí áirithe agus idirbheart airgeadais áirithe a bhaineann leis na honnmhairí ola sin.

2. An 22 Iúil 2026, chinn Coiste Smachtbhannaí Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, arna bhunú de bhun Rún 1970 (2011), an soitheach AVAX a ainmniú de bhun mhíreanna 10(a), 10(b), 10(c) agus 10(d) de Rún 2146 (2014), arna leasú le mír 2 de Rúin 2441 (2018) agus 2509 (2020) agus arna leathnú i Rún 2819 (2026).

Féadfaidh na daoine lena mbaineann, tráth ar bith, iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh maidir leis an soitheach a chuimsiú sa liosta dá dtagraítear thuas, mar aon le haon doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid Choiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe arna bhunú de bhun Rún 1970 (2011). Ba cheart iarraidh den sórt sin a chur chuig an seoladh seo a leanas:

Na Náisiúin Aontaithe — an Pointe Fóchasach um Dhíliostú
Brainse Fho-Orgáin na Comhairle Slándála
Seomra S-3055 E
Nua-Eabhrac, NY 10017
STÁIT AONTAITHE MHEIRICEÁ
Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach: https://www.un.org/sc/suborg/en/sanctions/delisting

3. I ngeall ar an gCinneadh ó na Náisiúin Aontaithe dá dtagraítear i mír 2, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1941 ([2]), lena leasaítear Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/44 ón gComhairle an 18 Eanáir 2016 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 204/2011 ([3]). Leis an leasú, a dhéantar de bhun Airteagal 20(b) de Rialachán (AE) 2016/44, cuirtear ainm an tsoithigh AVAX leis an liosta in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin ('Iarscríbhinn V').

4. Tugtar faoi aird longúinéir an tsoithigh AVAX freisin gur féidir Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2026/1941 ón gCoimisiún a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa cheathrú agus sa séú mír d'Airteagal 263 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 206, 1.8.2015, lch. 34, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/1333/oj.
([2]) IO L, 2026/1941, 7.8.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1941/oj.
([3]) IO L 12, 19.1.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/44/oj.